North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# PÁIPÉAR CATT TEANGA 2 (12) CR

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

# CRUINNIÚ - AN FORAS TEANGA

# OIFIGÍ COMHRÚNAÍOCHTA CATT,

# ARD MHACHA

# 9 IÚIL 2012

# COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an cúigiú cruinniú déag den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) i bhformáid rannach an Fhorais Teanga in Ard Mhacha ar an 9 Iúil 2012. I láthair ag an gcruinniú bhí Carál Ní Chuilín MLA, Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, Aire Sóisearach in OCALCA Jonathan Bell MLA, agus Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD, Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Rinne an tAire Ní Chuilín cathaoirleacht ar an gcruinniú.

2. Rinneadh plé ag an gcruinniú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an bhForas Teanga agus lena dhá chomhghníomhaireacht, Tha Boord o Ulstèr-Scotch agus Foras na Gaeilge.

## TUARASCÁIL AN FHORAIS TEANGA AR DHUL CHUN CINN

3. Fuair an Chomhairle tuarascálacha ó Fhoras na Gaeilge agus ó Ghníomhaireacht na hUltaise ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le hobair chomhoibríoch agus gníomhaíochtaí eile de chuid an dá Ghníomhaireacht, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

a. comhoibriú leanúnach ar shaincheisteanna a bhaineann le rialachas agus cur chun cinn, lena n-áirítear athbhreithniú ar an Scéim Chomhionannais, rannpháirtíocht i gcomhócáidí taispeántais agus i gClár na nAmbasadóirí Óga agus nótáladh go bhfuil Cathaoirligh agus Príomhfheidhmeannaigh na nGníomhaireachtaí i mbun comhráite faoi láthair maidir le sceideal do chomhchruinnithe Boird chun díriú ar chomhthionscadail agus chun na comhthionscadail sin a bhrú chun cinn.

b. Chuir **Gníomhaireacht na hUltaise** sraith eile den tsraith drámaíochta 'Pat and Plain' i gcrích in 11 scoil agus d'éirigh go han-mhaith leis an tsraith. Chomh maith leis sin, sheol siad Bunteastas na hUltaise um Oideachas i bPíobaireacht na nGarbhchríoch i Stormont i mí na Bealtaine, i gcomhar leis an Royal Scottish Pipe Band Association. I gcomhar le Gréasán Pobail na hUltaise, chuir Gníomhaireacht na hUltaise Ceardlanna Plandála i gcrích le os cionn 400 páiste i 17 scoil in Ulaidh. Cuireadh 14 de na ceardlanna sin ar bun i gcontaetha na teorann - an Cabhán, Muineachán agus Dún na nGall.

c. D'fhorbair **Foras na Gaeilge** gréasán oiliúna ar líne d'aistritheoirí agus d'eagarthóirí (sonraí ag www.aistear.ie) agus chuir siad leagan nua den acmhainn cuimhne aistriúcháin, lena n-áirítear téarmaíocht na seirbhíse poiblí agus téarmaíocht ghinearálta, ar fáil d'aistritheoirí agus d'eagarthóirí creidiúnaithe. Chuir Foras na Gaeilge feabhsúcháin i bhfeidhm freisin faoina bplean gníomhaíochta d'Áis, mar shampla, is féidir orduithe a sheoladh anois ar ríomhphost agus táthar ag féachaint ar chóras d'orduithe ar líne. Lean siad le naisc a chothú idir Éirinn agus Albain trí thionscadal Colmcille agus Tonnta araon. Tá Tonnta ag ullmhú nasc idirscoileanna trí phodchraoltaí idir Béal Feirste, Dún na nGall agus Lanarkshire Thuaidh.

## PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2012

4. Nótáil an Chomhairle gur tharla plé ag leibhéal Aireachta ar Bhuiséid 2012 leis an mbéim ar chur i gcrích príomhthosaíochtaí agus seirbhísí túslíne. A luaithe is a bheidh na leithdháiltí buiséid comhaontaithe, agus cead a bheith faighte ó na hAirí Airgeadais, cuirfear Pleananna Gnó agus Buiséid 2012 chun cinn i gcomhair a gceadaithe ag cruinniú CATT amach anseo.

## CUNTAIS AGUS TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA

5. Nótáil an Chomhairle go bhfuil Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Chomhdhlúite an Fhorais Teanga do 2008 deimhnithe ag na hArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste agus go gcuirfear faoi bhráid na dTithe faoi seach iad ar an 11 Iúil 2012. Nótáil an Chomhairle freisin an t-amchlár atá beartaithe i ndáil le Cuntais 2009 agus 2010 a leagan faoi bhráid na dTithe faoi seach.

## FORAS NA GAEILGE - ATHBHREITHNIÚ AR BHUNMHAOINIÚ

6. Rinne Foras na Gaeilge cur i láthair don Chomhairle ag tabhairt léargas ar dhul chun cinn i ndáil le múnla nua maoinithe a fhorbairt. Nótáil an Chomhairle go bhfuarthas 167 aighneacht le linn an phróisis chomhairliúcháin ar cuireadh deireadh leis in Aibreán 2012. Nótáil an Chomhairle plean athbhreithnithe forfheidhmiúcháin a d'ullmhaigh Foras na Gaeilge agus iarradh ar Fhoras na Gaeilge moltaí críochnaitheacha maoinithe a chur ar fáil ag an gcéad chruinniú eile teanga de chuid na CATT.

## FORAS NA GAEILGE – TIONSCADAL AN FHOCLÓRA

7. Nótáil na hAirí na forbairtí is deireanaí i ndáil leis an ollfhoclóir nua Béarla/Gaeilge agus cheadaigh siad, laistigh den bhuiséad reatha, amchlár athbhreithnithe faoina bhfoilseofar an leagan leictreonach ar líne faoi dheireadh 2012 agus faoina bhfoilseofar an leagan clóite in 2015.

## TIONSCADAL HAIRTLAN GHNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE

8. Nótáil an Chomhairle go bhfuil tograí á bhforbairt ag Gníomhaireacht na hUltaise chun ceantair Hairtlan na hUltaise a chur chun cinn agus tacú leo. Is é an aidhm atá leis ná oidhreacht na hUltaise a chaomhnú, a chosaint agus a chur i láthair trí ainmniúcháin tíreolaíocha. Cuirfidh an Ghníomhaireacht, ag cruinniú CATT amach anseo, pleananna i láthair chun an tionscadal Hairtlan a fhorbairt agus a bheachtú trí chomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara.

## DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE

9. D'aontaigh an Chomhairle an chéad chruinniú eile i ndáil leis an bhForas Teanga a thionól ag dáta a aontófar i dtreo dheireadh 2012.

**An Chomhrúnaíocht**
**9 Iúil 2012**